# Timthriall an Uisce

Bileog Eolais 01

## Réamhrá

Mura mbeadh aon uisce ar Domhan, ní bheadh aon phlandaí, fiadhúlra ná daoine beo ann. Tá an t-uisce de dhíth ar gach dúil bheo idir na feithidí is lú agus na crainn is airde chun maireachtáil. Le cois an aeir agus na hanála a tharraingímid, is é an t-uisce an riachtanas is tábhachtaí atá againn. Is féidir le daoine bheith beo gan bhia go ceann roinnt seachtainí ach ní féidir leo bheith beo gan uisce ach amháin go ceann cúpla lá.

An raibh a fhios agatsa gurb é an t-uisce an rud is mó atá inár gcorp?

## Timthriall an Uisce

Is é an dúlra a chinntíonn de go bhfuil soláthar leanúnach uisce á chur ar fáil dúinn trí phróiseas a dtugaimid **timthriall an uisce** air. Go díreach mar roth ar rothar, níl tús ná deireadh ar thimthriall an uisce. Tá sé mar an gcéanna ó chuaigh an saol ar suíochán.

- Tagann an t-uisce anuas ón spéir mar bháisteach, mar chlocha sneachta nó mar shneachta féin.Tugtar **deascadh** air sin.
- Nuair a thiteann an bháisteach, is féidir leis an talamh sin a shú. Tugtar **insiothlúchán** air sin.
- Is é **rith chun srutha** a thugtar ar an uisce sin nach súnn an talamh. Sreabhaíonn an t-uisce sin isteach i sruthanna, in aibhneacha nó aigéin.
- Nuair a thaitníonn an ghrian ar an domhan, téann sé an t-uisce agus, dá bharr sin, iompaíonn sé go gal uisce mar a bheadh gal ann agus éiríonn sé suas san aer. Is é **galú** a thugtar ar an chuid sin den phróiseas.
- Is féidir le plandaí uisce a scaoileadh isteach san aer agus **trasghalúchán** a thugtar ar an bpróiseas sin. Más maith leat an trasghalúchán a fheiceáil, ceangail mála plaisteach trédhearcach thart ar roinnt duilleog atá ar thor agus féach ar an uisce á chruinniú.
- Tarlaíonn **comhdhlúthúchán** nuair a fhuaraíonn an ghal usice síos agus nuair a iompaíonn sé go leacht sa spéir chun scamaill a chruthú.
- Téann na scamaill trasna na spéire. Nuair a bhaineann siad an talamh amach, tá an t-aer ró-fhuar chun an t-uisce a choinneáil agus titeann sé ina **deascadh** agus cuirtear tús leis an timthriall an athuair.
- Tugtar **timthriall an uisce** ar an bpróiseas iomlán mar téann an t-uisce timpeall arís agus arís eile ar timthriall.




# Timthriall an Uisce

Caithfimid go léir úsáid a bhaint as timthriall nádúrtha an uisce chun riar ar ár riachtanais atá ag méadú i rith an ama. Is nithe iad go léir leathadh an daonra, forbairt bailte nua, fás an tionscail agus caitheamh aimsire uisce is cionsiocair le ráchairt mhór a bheith ar uisce na tíre. Téann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath isteach sa timthriall nádúrtha agus cinntíonn sé de gur folláin slán atá an t-uisce sin a théann isteach i do theach. Tar éis duit féin an t-uisce a úsáid, cuirtear bearta i gcrích chun é a chóireáil arís sula gcuirfear amach san fharraige é chun dul isteach i dtimthriall an uisce nach mbeidh deireadh go deo leis.

# Uisce an Domhain

Is iontach an fhíric é go gcoinníonn na haigéin 97 faoin gcéad d'uisce an domhain. Tá a dó faoin gcéad den uisce reoite sna hoighearchaidhpeanna polacha. An t-aon chéatadán sin den uisce atá fágtha, tugann sé an t-uisce go léir dúinn atá de dhíth, ach áirítear leis sin freisin an t-uisce go léir san atmaisféar agus an screamhuisce go léir, na lochanna agus na haibhneacha. Is í an fhírinne í nach bhfuil ach méid beag uisce ar fáil chun daoine, ainmhithe agus plandaí a choinneáil beo. Táimid ag brath ar an aon chéatadán sin den uisce a athchúrsáil gan sos gan stad chun riar ar ár riachtanais go léir.




An raibh a fhios agatsa go mbíonn gach deoir uisce á húsáid arís agus arís eile agus go roinnimid sin le gach dúil bheo san am atá caite, anois agus san am atá le teacht?

Is ionann an t-uisce go léir in atmaisféar an domhain agus timpeall deich lá gnáthbháistí. Is féidir leat a shamhlú, dá mbainfimis úsáid as uisce mar a bhainfimis úsáid as ola nó gás, go rachadh an domhan i ndísc go han-tapa ar fad. A bhuíochas sin do thimthriall an uisce, ní théann an t-uisce i ndísc am ar bith – ní dhéanann sé ach dul timpeall arís agus arís eile! Níl níos mó uisce ann anois ná mar a bhí i dtús an tsaoil. Is ionann sin agus a rá go mb'fhéidir gurbh é an t-uisce céanna é a d'ól tú ar maidin agus a d'ól na dineasáir na milliúin blianta ó shin!